# Ar Thóir an Cheannaire le Dairteanna

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Uimhreas – oibríochtaí, suimiú, dealú, iolrú, roinnt, patrúin agus gaolta<br>*Comhtháthú: Teanga, OSIE* |
| **Scileanna Forbartha** | Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna – réitigh ar fhadhbanna a mheas<br><br>Cumarsáid agus cur in iúl – éisteacht le cuntais agus míniúcháin mhatamaiticiúla de chuid páistí eile agus iad a phlé<br><br>Cur i bhfeidhm – straitéisí meabhracha agus bealaí oibre a bheartú agus a úsáid chun tascanna matamaiticiúla a chur i gcrích |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | uimhreacha a fhad le 60, dúbail, tribil, teascóg, súil sprice, iolraí, suimiú, dealú, iolrú, roinnt, iomlán, fágtha, difríocht |
| **Áiseanna** | Clár Dairteanna Mol Mata, clár dairteanna sábhailte le haghaidh an tseomra ranga, breacpháipéar le haghaidh clár scórála, áireamháin |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

Is cluiche dairteanna simplí é seo, imrítear é le gnáthchlár dairteanna lipéadaithe 1-20 le haghaidh beirt imreoirí ar a mhéad. Is féidir an cluiche a imirt ar feadh thréimhse ama ar leith nó ar feadh líon iomlán babhtaí, ag brath ar chás an tseomra ranga. Rialacha an chluiche ná:

1. Babhtaí arís agus arís eile ina gcaitheann gach imreoir trí dhairt sa bhabhta.
2. I mbabhta 1, caitheann an chéad imreoir trí dhairt agus ríomhann sé an scór.
3. Ní mór don dara himreoir an scór a bhí ag an chéad imreoir a mheaitseáil, ach caithfidh sé teaglaim dhifriúil uimhreacha a úsáid chun é a dhéanamh. Mar shampla, má bhuaileann Imreoir 1 seasca le trí dhairt, d'fhéadfadh Imreoir 2 10 faoi thrí agus dhá chúig déag a bhualadh chun é a scóráil. Déanann na daltaí taifead ar gach dairt a caitheann siad.
4. Má mheaitseálann Imreoir 2 an sprioc buann sé an babhta. Muna meaitseálann sé, buann Imreoir 1.
5. Ag tús na chéad bhabhta, imríonn Imreoir 2 ar dtús agus socraíonn sé an sprioc a bheidh ar Imreoir 1 a bhaint amach.
6. Imrítear an cluiche go dtí go mbuaileann ceachtar imreoir líon babhtaí ar leith nó go dtí go mbaintear sprioc ama amach. Ag an bpointe seo, is é an t-imreoir leis na pointí is mó an buaiteoir.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad é a thugann 20, 10 faoi dhó agus tribil 5?<br>• Cén scór atá ag teastáil uaim chun 40 a thabhairt go 60?<br>• Má bhíonn caitheamh amháin fágtha agam, cén tslí ar féidir liom 45 a bhaint amach? | • Cén tslí ar féidir liom 45 a bhaint amach le trí chaitheamh?<br>• Cad é a dhéanaim muna n-éiríonn liom an scór a ba mhaith liom bhaint amach le mo chéad chaitheamh/ le mo dhara caitheamh is araile?<br>• An bhfuil tacar eile de scóir a d'fhéadfainn baint amach chun mo sprioc a fháil? |

## Difreáil

Lig do na daltaí áireamháin a úsáid chun na scóir a ríomh le linn an chluiche má tá siad ag teastáil uathu. Cuir Dúbailtí, Tribilí, súil sprice taobh istigh agus taobh amuigh san áireamh nó fág ar lár iad chun na spriocanna a shimpliú. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí. Lig do dhalta bheith ina réiteoir le cruinneas na ríomhanna a sheiceáil más gá.